



An  
Bord  
Pleanála

## Clár na hÉisteachta ó Bhéal ABP-314665-22

<b>Dáta Oscailte</b>	<b>Dé Máirt, an 28 Feabhra 2023</b>
<b>Am Tosaithe</b>	10.30 r.n
<b>Ionad</b>	Fíorúil
<b>Cur Síos</b>	Comhairle Cathrach Chorcaí - Na Lisíní, Baile an Chollaigh, Ordú Eadála Uimh. 4 de 2022.

<b>Am (táscach)</b>	<b>Ábhar</b>
<b>10:30</b>	<b>Oscailt na hÉisteachta Béil</b> <ul style="list-style-type: none"><li>▪ Obair thosaigh agus dearbhú naisc fhíorúla amhairc agus fuaime an chruinnithe.</li><li>▪ Ráiteas Tosaigh an Chigire.</li></ul>
<b>10.45</b>	<b>Aighneacht ó Chomhairle Cathrach Chorcaí</b> <ul style="list-style-type: none"><li>▪ Forbhreathnú gairid ar an OCÉ agus an fhorbairt a d'éascódh an OCÉ.</li><li>▪ Údar a thabhairt leis an talamh a éadail ag tagairt dá nádúr agus roghanna eile a breithníodh.</li><li>▪ Freagraí ar aighneacht scríofa an agóideora lena n-áirítear:<ul style="list-style-type: none"><li>- An Ceart chun Talamh a Cheannach go hÉigeantach le haghaidh Scoileanna,</li><li>- Cúlra maidir le criosú talún,</li><li>- Méid an achair talún faoi réir OCÉ,</li></ul></li></ul>

	- Cúlra an phlé nó an chomhairliúcháin leis an úinéir talún.
<b>11.15</b>	<b>Sos:</b>
<b>11.30</b>	<b>Aighneacht ón agóideoir</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ An cás a chur i láthair agus cur leis an aighneacht scríofa</li> </ul>
<b>12.00</b>	<b>Ceisteanna ag na páirtithe ar a chéile</b> (más gá): <ul style="list-style-type: none"> <li>(i) Ceisteanna ón agóideoir ar Chomhairle Cathrach Chorcaí,</li> <li>(ii) Ceisteanna ó Chomhairle Cathrach Chorcaí ar an Agóideoir</li> <li>(iii) Labhróidh an Cigire le Comhairle Cathrach Chorcaí, agus/nó leis an Agóideoir.</li> </ul>
<b>12.30</b>	<b>Ráitis Deiridh</b> (más gá): <ul style="list-style-type: none"> <li>- ó Chomhairle Cathrach Chorcaí (10 nóiméad ar a mhéad), agus</li> <li>- ón Agóideoir (10 nóiméad ar a mhéad),</li> </ul>
<b>12.50</b>	<b>Dúnfaidh an Cigire an Éisteacht ó Bhéal</b>

### **Nótaí Tábhachtacha:**

- Eiseoidh an Bord Pleanála ‘iarratas ar chomhchruinniú’ chuig an imeacht fíorúil seo ar Microsoft Teams roimh dháta na héisteachta ó bhéal.
- Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a thabhairt do gach páirtí, ar mian leo é sin a dhéanamh, aighneachtaí breise a dhéanamh le cois na n-agóidí i scríbhinn nó na ndoiciméad a cuireadh isteach roimhe seo, agus chun ligean don chigire soiléiriú a lorg ar aon saincheisteanna ábhartha a eascróidh as na hagóidí a rinneadh. Beidh deis ag páirtithe freisin ceisteanna a chur nó soiléiriú a lorg ar aighneachtaí a bheidh déanta.
- Níl aon dualgas ar aon pháirtí aighneacht a dhéanamh don éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an cigire agus an Bord gach aighneacht i scríbhinn a gheofar roimhe sin a mheas. Ar an ábhar sin, níor cheart aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn roimhe seo a athlua ag an éisteacht ó bhéal.

- Ba cheart do pháirtithe a thabhairt faoi deara gur leagan táscach amháin atá sa chlár oibre agus san ord láithrithe agus go bhféadfadh sé athrú le linn na héisteachta ó bhéal.
- Tá cóip de na rialacha maidir le rannpháirtíocht san éisteacht ó bhéal curtha ar fáil do gach páirtí agus tá siad ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie) (Tá an nasc ar fáil ag bun an leathanaigh baile). Ní mór duit na rialacha seo a léamh agus aontú leo le bheith páirteach san éisteacht.
- Tá cabhair le fáil chun páirt a ghlacadh in éisteacht ó bhéal go cianda agus tá treoirleabhar maidir le béasaíocht ghaolmhar ar fáil ar ár suíomh Gréasáin ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie)
- Níor cheart aon doiciméid nó aighneacht scríofa atá faighte againn cheana a athrú ag an éisteacht ó bhéal mar go mbeidh an t-eolas sin ag an gCigire cheana féin. Má dhéanann tú faisnéis a athrú ag an éisteacht ó bhéal nach bhfuil riachtanach, féadfaidh an Cigire stop a chur leat agus a iarradh ort bogadh ar aghaidh chuig ábhar eile. Ní mór aon aighneachtaí dlíthiúla a bheith mar chuid de na haighneachtaí substainteacha don éisteacht.
- Má tá sé ar intinn agat cóip scríofa de d'aighneacht a sholáthar nó áiseanna amhairc a úsáid agus tú ag labhairt (léirithe, léarscáileanna, grianghraif, srl.), ba cheart iad sin a chur isteach i bhformáid dhigiteach chuig an mBord **3 lá oibre ar a laghad roimh** páirt a ghlacadh san éisteacht, agus scaipfear iad ar na páirtithe ábhartha agus coinneofar sa chomhad cáis iad tar éis na héisteachta ó bhéal.
- Déanfaidh soláthraí seirbhíse arna eagrú ag an mBord Pleanála na haighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht ó bhéal seo a thaifeadadh. Níl cead agat imeachtaí na héisteachta ó bhéal a thaifeadadh.
- Is mar achoimrí gonta amháin atá na tuairimí deiridh agus níor cheart go mairfeadh siad níos faide ná 10 nóiméad. Ní féidir aon phointí, saincheisteanna ná ceisteanna nua dlí tharraingt anuas sna haighneachtaí deiridh.
- Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról nó dlínse ag an mBord i gcinneadh, nó i measúnú cúitimh agus gur cheart é seo a chur san áireamh in aon aighneacht

a dhéantar chuig an éisteacht seo toisc nach n-éascófar aon phlé ar chúiteamh.

- Ar chríochnú na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Bhord. Is é an Bord a dhéanfaidh an cinneadh an OCÉ a dheimhniú nó a chur ar neamhní.
- Tá clár oibre agus ord na ndaoine a labhróidh ag an éisteacht ó bhéal leagtha amach thuas, mar aon le hamchlár. Ba cheart do pháirtithe a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh an t-amchlár seo athrú le linn na héisteachta ó bhéal ach ba cheart do gach rannpháirtí cloí leis na teorainneacha ama atá leagtha amach, a mhéid is a bheidh indéanta.